C/2025/1600

12.3.2025

Foilsiú iarratais ar ainm a chosaint de bhun Airteagal 97(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona

(C/2025/1600)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Kőszeg / Kőszegi’

PDO-HU-02804

Dáta an iarratais: 4.10.2021

1. **Ainm le clárú**

‘Kőszeg / Kőszegi’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fionnta)**

1. *Fíon – Geal*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: buí scothghlas go buí líomóide domhain.

Dea-bholadh: bolaithe úra bríomhara den chuid is mó a chuireann torthaí citris agus torthaí a bhfuil bia bán iontu i gcuimhne, lena ngabhann toin spíosracha ghlasa, úra, dhiscréideacha.

Blas: is iad aigéid thirime nó leath-thirime, úra, ghlana agus blasanna torthaíocha go príomha (de thorthaí citris agus cloiche), lena ngabhann mianracht, a bhfuil tathag éadrom nó meánach acu, ach struchtúr daingean.

Caighdeáin anailíseacha:

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	-

2. *Fíon – Dearg*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: idir corcra agus dearg an rúibín.

Dea-bholadh: torthaí dearga agus bolaithe spíosracha den chuid is mó. D'fhéadfadh spíosraí discréideacha milse ó aosú i mbairillí adhmaid, chomh maith le bolaithe bláthacha, a bheith ann freisin.

Blas: torthaí dearga agus spíosraí úra glasa den chuid is mó, agus spíosraí discréideacha (céadar) ó aosú i mbairillí adhmaid chomh maith, ach ní a oiread céanna, agus struchtúr daingean.

Caighdeáin anailíseacha:

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	-

3. *Fíon – Dearg den scoth*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: idir corcra measartha domhain nó dath an rúibín agus imireacha de dhath dearg dorcha an rúibín nó de dhath dearg an ghairnéid.

Dea-bholadh: bolaithe spíosracha den chuid is mó in éineacht le dea-bholadh caor dearg agus sméar dubh.

Blas: chomh maith le tainniní tirime, meánacha, bíonn blas caor dearg agus sméar dubh agus blas spíosrach air, lena ngabhann mianracht agus blasanna ó aosú i mbairillí (céadar). Tá struchtúr daingean ag an bhfíon. Saintréith eile de is ea castacht agus iarbhlas fada.

Caighdeáin anailíseacha:

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	-

4. *Grand superior vörös (Sárfhíon dearg den scoth) — Fíon*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Dath: idir corcra measartha domhain nó dath an rúibín agus imireacha de dhath dearg dorcha an rúibín nó de dhath dearg an ghairnéid.

Dea-bholadh: bolaithe spíosracha den chuid is mó in éineacht le dea-bholadh caor dearg agus sméar dubh.

Blas: chomh maith le tainniní tirime, meánacha, bíonn blas caor dearg agus sméar dubh agus blas spíosrach air (céadar), lena ngabhann mianracht agus blasanna ó aosú i mbairillí. Saintréith eile de is ea castacht, iarbhlas fada agus struchtúr daingean.

Caighdeáin anailíseacha:

Tá na saintréithe thíos nach sonraítear aon luach ina leith i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i Rialacháin an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	12
Aigéadacht iomlán íosta	4,6 g/l arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	-

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

1. Fíon geal

— ní mór na fíonchaora a phróiseáil ar an lá a buanadh iad;

— níor cheart do chineálacha tánaisteacha a bheith níos mó ná 15 %;

2. Fíon dearg

— ní mór na fíonchaora a phróiseáil ar an lá a buanadh iad;

— ní mór laíon na bhfíonchaor a choipeadh ar na craicne ar feadh 8 lá ar a laghad;

3. Fíon dearg den scoth

— ní mór na fíonchaora a phróiseáil ar an lá a buanadh iad;

— ní mór laíon na bhfíonchaor a choipeadh ar na craicne ar feadh 14 lá ar a laghad;

— coipeadh malalachtach;

— ní mór an fíon a aosú go dtí an 24 Aibreán (Lá Fhéile Seoirse) den dara bliain tar éis na buainte, agus ní ceadmhach é a chur ar an margadh tráth níos luaithe ná an dáta sin;

— níor cheart do chineálacha tánaisteacha a bheith níos mó ná 15 % de na cineálacha uile a úsáidtear;

4. Sárfhíon dearg den scoth

— ní mór na fíonchaora a phróiseáil ar an lá a buanadh iad;

— ní mór laíon na bhfíonchaor a choipeadh ar na craicne ar feadh 14 lá ar a laghad;

— coipeadh malalachtach;

— ní mór an fíon a aosú go dtí an 24 Aibreán (Lá Fhéile Seoirse) den dara bliain tar éis na buainte, agus ní ceadmhach é a chur ar an margadh tráth níos luaithe ná an dáta sin.

2. Ní cheadaítear cleachtais fhíoneolaíocha

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

1. Fíon geal

— sliseanna darach a úsáid

— tainniní a chur leis

— milsiú an fhíona

2. Fíon dearg

— sliseanna darach a úsáid

— tainniní a chur leis

— milsiú an fhíona

— aigéadú

3. Fíon dearg den scoth

— sliseanna darach a úsáid

— tainniní a chur leis

— milsiú an úrfhíona agus an fhíona

— aigéadú

4. Sárfhíon dearg den scoth

— sliseanna darach a úsáid

— tainniní a chur leis

— milsiú an úrfhíona agus an fhíona

— aigéadú

3. Rialacha maidir le táirgeadh fíonchaor

Cleachtas saothraithe

1. An modh saothraithe:

a. Maidir le fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Lúnasa 2021: féadfar fíonchaora a bhuain ó aon fhíonghort gan beann ar an modh saothraithe, fad agus atá an fíonghort fós i mbun oibríochta.

b. Maidir le fíonghoirt a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2021:

i. scáth-threorú;

ii. cuachthreorú;

iii. tródam íseal;

iv. tródam meán-ard;

v. tródam ard;

vi. Guyot.

2. Dlús plandaithe:

a. Maidir le fíonghoirt a cuireadh roimh an 1 Lúnasa 2021: ceann ar bith

b. Maidir le fíonghoirt a cuireadh tar éis an 1 Lúnasa 2021: 3 500 fíniúin/ha ar a laghad, 20 % ar a mhéad de chaillteanas fíniúna

3. Modh buainte: meicniúil nó láimhe

4. Tá an táirgeadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le huastáirgeacht.

5. Cáilíocht na bhfíonchaor (íosmhéid siúcra arna shloinneadh mar chéimeanna úrfhíona na hUngáire (MM) agus mar neart alcóil féideartha íosta)

— Maidir le fíonta geala agus dearga: 17 gcéim MM, 10,6 % de réir toirte

— I gcás fíonta dearga den scoth agus sárfhíonta dearga den scoth: 19 gcéim MM, 12,08 % de réir toirte

b. *Uastáirgeacht*

1. Fíon – Geal

9 000 kg fíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Fíon – Dearg

9 000 kg fíonchaora in aghaidh an heicteáir

3. Fíon – Dearg den scoth

7 000 kg fíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Sárfhíon dearg den scoth

5 000 kg fíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Limistéir bhardais Bozsok, Cák, Kőszeg agus Kőszegdoroszló a aicmítear in Aicme I nó Aicme II de réir chlár talún an fhíonghoirt.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

blauburger

cabernet franc - cabernet

cabernet franc - carbonet

cabernet franc - carmenet

cabernet franc - gros cabernet

cabernet franc - gros vidur

cabernet franc - kaberne fran

cabernet sauvignon

chardonnay - chardonnay blanc

chardonnay - kereklevelű

chardonnay - morillon blanc

chardonnay - ronci bilé

cserszegi fűszeres

furmint - furmint bianco

furmint - moslavac bijeli

furmint - posipel

furmint - som

furmint - szigeti

furmint - zapfner

kékfrankos - blauer lemberger

kékfrankos - blauer limberger

kékfrankos - blaufränkisch

kékfrankos - limberger

kékfrankos - moravka

merlot

olasz rizling - grasevina

olasz rizling - nemes rizling

olasz rizling - olaszrizling

olasz rizling - riesling italien

olasz rizling - risling vlassky

olasz rizling - taljanska grasevina

olasz rizling - welschrieslig

pinot blanc - fehér burgundi

pinot blanc - pinot beluj

pinot blanc - pinot bianco

pinot blanc - weissburgunder

pinot noir - blauer burgunder

pinot noir - kisburgundi kék

pinot noir - kék burgundi

pinot noir - kék rulandi

pinot noir - pignula

pinot noir - pino csernüj

pinot noir - pinot cernii

pinot noir - pinot nero

pinot noir - pinot tinto

pinot noir - rulandski modre

pinot noir - savagnin noir

pinot noir - spätburgunder

rajnai rizling - johannisberger

rajnai rizling - rheinriesling

rajnai rizling - rhine riesling

rajnai rizling - riesling

rajnai rizling - riesling blanc

rajnai rizling - weisser riesling

sauvignon - sauvignon bianco

sauvignon - sauvignon bijeli

sauvignon - sauvignon blanc

sauvignon - sovinjon

zenit

zweigelt - blauer zweigeltrebe

zweigelt - rotburger

zweigelt - zweigeltrebe

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fíon

1. Tuairisc ar an limistéar críochaithe

(a) Tosca nádúrtha

Is iad Sléibhte Kőszeg agus a mbunchnoic na chéad fhánaí de na hAlpa, áit a bhfuil fíonchaora á bhfás leis na céadta blianta. Cinntear gnéithe nádúrtha an limistéir den chuid is mó de bharr ghaireacht na nAlp, i dtéarmaí ithreach agus aeráide araon. Fásann na fíonghoirt suas le 450 m ar airde os cionn leibhéal na farraige.

Cruthaíonn Sléibhte Kőszeg fuinneog theicteonach, inar ardaigh carraigeacha níos sine go dtí an dromchla mar gheall ar chreimeadh stratam níos déanaí. Is carraigeacha meiteamorfacha de thionscnamh dríodair, sclátaí criostalta (míocaisiostaí grianchloiche, filít ghrianchloiche, slinn aoil, filít aoil, siosta glas), argaillít, gaineamhchloch agus naghas iad carraigeacha na sléibhte. Ithreacha foraoise donna aigéadacha, neamh-phodsalacha a shocraítear ar an mbuncharraig shíonchaite (argaillít, naghas), agus is féidir ithreacha foraoise donna siolta créúla a fháil in áiteanna eile. Shocraigh carraig dhríodair, adóib Phléicéineach agus lós Pléisticéineach ar na bunchnoic.

Baineann na Sléibhte Kőszeg le crios aeráide Alpokalja (bunchnoic na nAlp). Is aeráid chothromaithe í atá measartha fionnuar agus measartha tais. Bíonn an fhrasaíocht bhliantúil os cionn 700–800 mm i meánbhliain, agus titeann 60–70 % den fhrasaíocht sin sa samhradh. Is é 9.2 °C an mheánteocht bhliantúil. De ghnáth, tagann an t-earrach go déanach, bíonn na samhraí fionnuar, agus is minic a bhíonn an fómhar fada, rud a chuidíonn le haibiú na bhfíonchaor. Is é 2 900–3 000 °C an tsuim theasa le linn an tséasúir fáis, agus tá an líon uaireanta gréine in aghaidh na bliana beagnach ar an líon is ísle sa tír (níos ísle ná 1 800 uair an chloig), ós rud é gur mó ná 60 % an meánbhrat scamall bliantúil.

Tá an limistéar táirgeachta ar cheann de na limistéir gheografacha is sine san Ungáir, a bhfuil traidisiúin stairiúla uathúla aige. Rinneadh stair, geilleagar, ardú agus meath eacnamaíoch, agus cultúr bhaile agus phurláin Kőszeg a chinneadh den chuid is mó le fíon.

(b) Tosca daonna

Agus na cineálacha a úsáidtear sa limistéar á roghnú, tugtar tús áite do chineálacha a bhfuil blas torthaíoch úr orthu agus a bhfuil struchtúr maith aigéid acu mar shaintréith. Leis an bhfios gnó a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin – is é sin an chaoi a saothraítear cineálacha an limistéir gheografaigh, an chaoi a n-uasmhéadaítear táirgeacht agus an chaoi a mbaintear amach an aibíocht is gá le haghaidh na buainte — cinntear saintréithe fíor-riachtanacha an fhíona go bunúsach. Teastaíonn saineolas nach beag freisin chun na fíonta dearga a aosú ar an gcraiceann agus chun an tréimhse aosaithe a chinneadh le haghaidh na gcineálacha éagsúla fíona dheirg. Comhcheanglaíonn fíonlanna an teicníc thraidisiúnta (aosú measartha i mbairillí) le haosú in umair, rud a chaomhnaíonn saintréith úr an fhíona. Cuireann sé sin cosc ar thainniní a dhíorthaítear ó bhairillí a bheith ar an ngné is suntasaí san fhíon.

2. Tuairisc ar na fíonta:

Cinntear saintréith fhíonta Kőszeg den chuid is mó trí na hAlpa a bheith ann, foirmiú carraige an limistéir, agus an aeráid atá fionnuar ach cothrom go ginearálta, arb é is príomhthréith di difríochtaí móra idir teochtaí i rith an lae agus teochtaí i rith na hoíche.

Chomh maith le fíonta torthaíocha a bhfuil tathag éadrom iontu agus aigéadacht úr acu a tháirgeadh, tá an limistéar táirgeachta oiriúnach freisin chun fíonta snasta geala agus dearga a dhéanamh a bhfuil iarbhlas fada acu agus a aosaíonn go maith. Soláthraíonn an aeráid fhionnuar agus cáilíocht na buncharraige na haigéid atá mar chnámh droma na bhfíonta sin, agus tugann an dáta buainte déanach saibhreas blais do na fíonta den chatagóir phréimhe. Is saintréith de chuid na bhfíonta uile é mianracht goirt a eascraíonn as an mbuncharraig.

3. Cur i láthair agus léiriú an naisc chúisigh:

Tá cáilíocht agus saintréithe fhíonta Kőszeg mar thoradh ar an timpeallacht gheografach agus ar thosca nádúrtha agus daonna gaolmhara.

Cinntear saintréithe fhíonta Kőszeg den chuid is mó leis an aeráid fho-alpach, tionchar na nAlp, agus nochtadh na limistéar sin do na sléibhte, airde na bhfíonghort (tá an baile féin thart ar 300 m os cionn leibhéal na farraige) — rud a chiallaíonn oícheanta fionnuara fiú tar éis laethanta teo an tsamhraidh — agus an líon íseal uaireanta gréine.

Mar gheall ar aeráid an limistéir gheografaigh, an séasúr fada fáis mar thoradh ar an aeráid fhionnuar, agus an difríocht idir teochtaí i rith an lae agus teochtaí i rith na hoíche, is féidir fíonta láidre, torthaíocha a tháirgeadh a bhfuil blas casta orthu agus aigéadacht úr acu.

Tá fíonghoirt Aicme I de bhaile Kőszeg suite ar chnoic os cionn an bhaile, faoi na foraoisí, agus d'fhéadfaidís a bheith suas le 450 m os cionn leibhéal na farraige. Is annamh a bhíonn fíonghoirt nó fo-fhíonghoirt a bhfuil a n-aghaidh ó dheas anseo (is eisceachtaí iad Kálvária-hegy agus Római-domb); tá fíonghoirt a bhfuil a n-aghaidh soir ó dheas nó a bhfuil a n-aghaidh soir níos coitianta. Bíonn na fíonghoirt sléibhe géar de ghnáth. Is féidir roinnt fánaí a bhfuil a n-aghaidh siar a fháil freisin, i limistéir níos ísle. Tá na fíonghoirt suite ar thaobh na chéad fhánaí sna nAlpa nó ar na cnoic os comhair Shléibhte Kőszeg.

Is cuidiú iad na dálaí topagrafacha freisin maidir le fíonta snasta láidre a bhfuil aigéadacht mhaith acu a tháirgeadh.

Tá baint ag an ithir, go háirithe an bhuncharraig, le sainiúlacht fhíonta Kőszeg. Chomh maith leis an aeráid fhionnuar fho-alpach, cuidíonn an bhuncharraig fhillíteach ghrianchloiche freisin le fíonta a tháirgeadh a bhfuil struchtúr láidir aigéid acu. Áirithíonn an ithir ghrianchloiche cumas maith draenála, rud a d'fhéadfadh cuidiú le haigéadacht níos mó agus dea-bholaithe torthaíocha a tháirgeadh freisin. Tá dea-choinneáil teasa ag na hithreacha a bhfuil dath éadrom orthu, rud atá fabhrach d'aibiú agus a chuidíonn leis na dea-bholaithe torthaíocha a fhorbairt. A bhuí le cumas maith draenála na hithreach, is féidir le mianraí na hithreach braistint aigéid úir thorthaíoch a chur ar fáil agus fiú blasanna mianracha a chur ar fáil ó am go chéile.

Tá tathag measartha ar a mhéad ag na fíonta, a bhuí i bpáirt leis na dálaí aeráide (an tionchar fo-alpach agus an airde mhór) agus leis an struchtúr cineáil (amhail Furmint, Olaszrizling nó Kékfrankos Blauburger). Is iondúil go mbíonn blas láidir, glan, torthaíoch ar na fíonta, go mbíonn aigéid bheoga úra, agus struchtúr mianrach tanaí acu, atá inchurtha freisin i leith na dtosca nádúrtha a luaitear thuas, i.e. airde, grianchloch, slinn, agus carraigeacha meiteamorfacha.

A bhuí leis an aosú measartha i mbairillí, coinníonn na fíonta struchtúr láidir, ar a bhfuil — ag brath go príomha ar an stíl — blasanna citris den chuid is mó sna fíonta geala agus blasanna torthaí dearga agus blasanna spíosracha den chuid is mó sna fíonta dearga.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

Rialacha maidir le tásca

Creat dlíthiúil:

Ón eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC, i gcás ina leagann na Ballstáit síos é

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Rialacha maidir le fíonta a chumasc: Féadfar na téarmaí 'küvé' agus 'cuvée' nó mar chomhchiallach, an téarma 'házasítás' [cumasc] a úsáid. Féadfar an téarma thuas a úsáid le haghaidh gach catagóire cé is moite den chatagóir phréimhe.

Téarmaí traidisiúnta eile arna n-údarú le húsáid, téarmaí eile a bhfuil a n-úsáid srianta, téarmaí lena léirítear an modh táirgthe, agus téarmaí a bhfuil a n-úsáid rialaithe:

— Téarmaí a fhéadfar a léiriú le haghaidh fíonta geala: Na téarmaí traidisiúnta 'Első szüret' [An chéad bhuaint], 'Újbor — primőr' [Fíon nua — prímeur], 'Szűretlen' [Neamhscagtha], 'Késői szüretelésű' [An bhuaint dhéanach]

— Téarmaí a fhéadfar a léiriú le haghaidh fíonta dearga: Na téarmaí traidisiúnta 'Első szüret' [An chéad bhuaint], 'Újbor — primőr' [Fíon nua — prímeur], 'Szűretlen' [Neamhscagtha], 'Siller'

— Téarmaí a fhéadfar a léiriú le haghaidh Fíonta dearga den scoth: 'Szűretlen' [Neamhscagtha]

— Téarmaí a fhéadfar a léiriú le haghaidh Sárfhíonta dearga den scoth: 'Szűretlen' [Neamhscagtha]

Rialacha sonracha maidir le haonaid gheografacha níos lú a chríochú agus a léiriú:

i. Ainm na mbardas agus codanna de bhardais: Bozsok, Cák, Kőszeg, Kőszegdoroszló

ii. Bardais, ainm fíonghort (ainm fo-fhíonghort):

— Cák:

Botosok, Cseri-dűlő, Kecske-irtás

— Kőszeg:

Borsmonostori-dűlő, Csói út melléke, Guba-hegy, Günser, Kálvária-hegy (Rosenberger, Schern/Kopasz-hegy, Schönandre, UntereTavachten/Alsó-Figyelő), Napos-tető (Burger/Polgár-szőlők, Gern, Klemmer/Szoros-dűlő, Kulm/Tető, Reiter/Lovas-hát, Rosstauscher/Lócserélő, Römer/Római-domb, ObereTavachten/Felső-Figyelő, Schaugrom/Ördög-árok, Steiner/Kövi-szőlő, Szultán-domb (Ganser/Liba-szőlő, Knappeln, König/Király-szőlő), Tekeson / Árnyékos-tető,

— Kőszegdoroszló:

Borókás-dűlő, Pogányok

iii. Coinníollacha maidir le hainm fíonghort agus fo-fhíonghort a léiriú:

— sa chatagóir maidir le Sárfhíon dearg den scoth amháin;

— má fhástar na fíonchaora go hiomlán laistigh den limistéar táirgeachta atá críochaithe ag an bhfíonghort (i gcás fo-fhíonghort, go hiomlán laistigh den fho-fhíonghort);

— ní mór ainm an bhardais a léiriú taobh le hainm an fhíonghoirt/an fho-fhíonghoirt;

— ó fhíonchaora a chomhlíonann coinníollacha na sonraíochta táirge.

Táirgeadh lasmuigh den limistéar táirgthe críochaithe

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chomh maith leis na bardais a liostaítear i bpointe IV, féadfar fíon Kőszeg a tháirgeadh i gceantair Kőszeg agus Szombathely freisin.

Bardais de chuid cheantar Kőszeg: Bozsok, Bük, Cák, Csepreg, Gyöngyösfalu, Horvátzsidány, Iklanberény, Kiszsidány, Kőszeg, Kőszegdoroszló, Kőszegpaty, Kőszegszerdahely, Lócs, Lukácsháza, Nemescsó, Ólmod, Peresznye, Pusztacsó, Tormásliget, Tömörd, Velem. (Limistéir atá suite laistigh den aonad riaracháin céanna – Airteagal 5(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún)

Bardais de chuid cheantar Szombathely: Acsád, Balogunyom, Bozzai, Bucsu, Csempeszkopács, Dozmat, Felsőcsatár, Gencsapáti, Gyanógeregye, Horvátlövő, Ják, Kisunyom, Meszlen, Narda, Nárai, Nemesbőd, Nemeskolta, Perenye, Pornóapáti, Rábatöttös, Rum, Salköveskút, Sé, Sorkifalud, Sorkikápolna, Sorokpolány, Söpte, Szentpéterfa, Szombathely, Tanakajd, Táplánszentkereszt, Torony, Vasasszonyfa, Vaskeresztes, Vassurány, Vasszécseny, Vasszilvágy, Vát, Vép, Zsennye. (Limistéir atá suite laistigh den aonad riaracháin céanna – Airteagal 5(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún)

Téarmaí traidisiúnta faoi chosaint

Creat dlíthiúil:

I reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma traidisiúnta seo a leanas a úsáid mar chomhchiallach leis an téarma ‘ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint’: ‘védett eredetű bor’ [fíon de thionscnamh faoi chosaint]

Chun saintréithe an táirge a thuairisciú: ‘siller’, ‘késői szüretelésű’ [an bhuaint dhéanach]

Comhchiallaigh a úsáid

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar na comhchiallaigh údaraithe atá liostaithe ar an suíomh gréasáin boraszat.kormany.hu a úsáid ar lipéid fíona.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://boraszat.kormany.hu/download/9/e0/f2000/K%C5%91szeg%20OEM%20term%C3%A9kle%C3%ADr%C3%A1s%20COM1v%C3%A1lasz_verzi%C3%B3_kn.pdf